

## **Beartas Taistil COGG**

Fágann dualgais reachtúla COGG go mbíonn ar oifigh taisteal chun críche gnó (cruinnithe, seisiúin eolais, ócáidí poiblí srl.) ar fud na tíre agus, go fíor annamh, thar lear.

Mar státseirbhísigh, caithfidh oifigh de chuid COGG cloí leis na treoracha agus na coinníollacha atá leagtha síos sna ciorcláin ábhartha agus iad ag taisteal nó ag ceadú turas oifigiúil mar bhainisteoirí. Is é Ciorclán [11/1982](#)<sup>1</sup> an ceann is tábhachtaí.

Leagtar síos i gCiorclán [11/1982](#) go bhfuil dualgas ar cheann gach eagraíochta a chinntiú go bhfuil gach turas riachtanach, go mbíonn an líon oifigeach is lú is féidir as láthair ón oifig ar ghnó oifigiúil agus gur cóir taisteal oifigiúil a phleanáil ionas go ndéantar a laghad taistil agus is féidir gan cur isteach ar éifeachtacht COGG. Athdheimhníodh tábhacht an dualgais sin i 2009 (Ciorclán [7/2009](#))<sup>2</sup> agus cúinsí airgeadais mar atá).

Íoctar liúntas ar chostais thaistil agus chothabhála de réir na rátaí a leagtar síos ó am go ham. Tá na rátaí atá i bhfeidhm don am i láthair leagtha síos sa Ciorclán [7/2009](#) atá luaite thuas.

## **Úsáid Ghluaisteán**

### **Coinníollacha**

Ba chóir d'oifigh an córas iompair poiblí (.i. bus, traein) a úsáid nuair is féidir é. Ceadáítear d'oifigh a ngluaisteán féin a úsáid:

- (a): nuair nach bhfuil aon chóir iompair phoiblí oiriúnach ar fáil;
- (b): nuair a bheadh úsáid an chóir iompair phoiblí chomh costasach céanna nó níos costasaí ná an gluaisteán a úsáid;
- (c): nuair a chaillfí am oifigiúil dá n-úsáid an córas iompair poiblí agus go bhfuil sé riachtanach an chailliúint ama sin a sheachaint.

Nuair atá níos mó ná oifigeach amháin ag dul go dtí an t-ionad nó an ceantar céanna, ba chóir go ndéanfaí socruithe, nuair is féidir é, ionas go n-úsáidfear a laghad gluaisteán agus is féidir.

Ní mór do gach oifigeach atá údaraithe a ghluaisteán féin a úsáid chun taisteal a dhéanamh chun críche gnó an [fhoirm](#) a shíniú ina ngeallfaidh sé/ sí go gcloifear le pé rialacháin nó coinníollacha atá i bhfeidhm agus go gcoinneofar an fheithicil faoi árachas cuí.<sup>3</sup>

---

<sup>1</sup> Ar fáil in *F:/ Pearsanra / Foirmeacha, Ciorcláin, Rialacha, Reachtaíocht / Circular 11 1982 Travelling and Subsistence Regulations*

<sup>2</sup> Ar fáil in *F:/ Pearsanra / Foirmeacha, Ciorcláin, Rialacha, Reachtaíocht / Circular 7 2009 Motor Travel and Subsistence Rates*

<sup>3</sup> Ar fáil in *F:/ Pearsanra / Taisteal+Cothabhail etc / Foirm - úsáid a bhaint as carr príobháideach*

## **Liúntas Míleáiste**

Íoctar liúntas míleáiste de réir na rátaí a leagtar síos ó am go ham. Tá na rátaí atá i bhfeidhm don am i láthair leagtha síos i gCiorclán [7/2009](#) mar atá luaite thuas.

Ní íoctar an liúntas míleáiste as an gcuid de thuras gur ionann é agus an ghnáthshlí idir an Oifig agus baile an oifigigh atá i gceist.

Nuair a imíonn oifigeach ar thuras díreach ón mbaile, áireofar fad an turais chun críche an liúntas míleáiste, ón mbaile nó ón Oifig, cibé acu is giorra.

## **Sábháilteacht**

Thar aon ní eile, tá dualgas ann gach ní is féidir a dhéanamh chun an priacal a bhaineann le tiomáint a laghdú an oiread agus is féidir.

Deimhnítear sna Measúnaithe Priacail i Ráiteas Sábháilteachta na hoifige go bhfuil an tiomáint ar cheann de na gníomhaíochtaí is contúirtí de chuid na hOifige seo. Tá ráta priacail uimhir 6 tugtha di, ráta a thugann le fios gur “priacal substaintiúil” é go bhfuil gá lena rialú mar “ghníomh práinneach”.

Sa mheasúnú priacail atá déanta i dtaca le Ráiteas Sábháilteachta COGG seo, aithnítear na guaiseacha seo a leanas: easpa oiliúna, lochtanna meicniúla, míleáiste mór, uaireanta fada tiomána, tuirse, luas, fóin phóca, alcól agus drugaí.

- D’fhonn na hAchtanna agus Rialacha riachtanacha um Thrácht Bóthair a chomhlíonadh, ní mór do gach tiománaí feithicle a chinntiú go bhfuil an fheithicil coinnithe i gcaoi mhaith agus seiceáil rialta a dhéanamh ar shoilse, comharthaí, coscáin, ola, boinn srl. agus gach locht a chur ina cheart láithreach bonn.
- Ní cóir glaonna fóin phóca a dhéanamh/fháil le linn tiomána. Is cóir don tiománaí tarraingt isteach le taobh an bhóthair chun fón a úsáid.
- Ní cóir d’éinne tiomáint faoi thionchar drugaí nó alcóil.
- Is cóir géilleadh do gach riail tráchta a bhaineann le coisithe agus feithiclí.
- Is cóir gach feithicil a thiomáint laistigh de na teorainneacha reatha luais i gcónaí.
- Is cóir sosanna rialta a ghlacadh ón tiomáint. Caithfear cur san áireamh chomh maith na huaireanta oibre agus tréimhsí sosa atá leagtha síos in altanna 11 agus 12 san [Acht um Eagrú Ama Oibre 1997](#).<sup>4</sup>
- Is cóir na sceidil/turais oibre a phleanáil ar shlí a sheachnóidh ardmhíleáiste leanúnach agus iarmhairtí leanúnacha tuirse. Ní cóir tiomáint nuair atá tuirse ort agus is cóir duit stopadh thar oíche, in áit tiomáint abhaile, má tá tuirse ort tar éis do chuid oibre a chríochnú.

---

<sup>4</sup> Ar fáil in *F:/ Sláinte agus Sábháilteacht / Foilseacháin & Reachtaíocht Shábháilteachta / Organisation of Working Time Act, 1997*. Féach leat freisin an leabhrán faoi reachtaíocht chéanna (*F:/ Pearsanra / Ciorcláin, Rialacha, Reachtaíocht agus foirmeacha* [/workinghours](#))

Tá dea-chomhairle maidir le teacht roimh agus dul i ngleic leis an tuirse agus tú ag tiomáint ar fáil i leabhrán a d'fhoilsigh an tUdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre: [Driver Tiredness the Facts](#).<sup>5</sup>

Iarrtar ar gach ball foirne an Beartas seo a léamh agus a chur i bhfeidhm.

### **Taisteal Thar Lear**

Ach an oiread le haon taisteal eile, baineann na dualgais ghinearálta a leagtar síos i gcioclán [11/1982](#) le taisteal thar lear chomh maith. Ní mór don oifigeach atá ag taisteal agus don oifigeach atá ag údarú an taistil iad féin a shásamh go bhfuil an turas riachtanach agus go bhfuil an turas á dhéanamh ar an tslí is buntáistí ó thaobh chostais de.

### **Eitilt a chur in Áirithe.**

Fiosróidh an t-oifigeach atá ag taisteal na roghanna oiriúnacha atá ar fáil. Údaróidh an t-oifigeach údaraithe an rogha is fearr.

Íocfar an t-oifigeach atá ag taisteal as costas na heitilte trí chóras chuntasaíochta agus íocaíochta COGG.

Déantar éileamh ar liúntas as an gcuid eile de na costais eile a bhain leis an turas tríd an ngnáthchóras Taistil agus Cothaithe .

---

<sup>5</sup> Ar fáil in *F:/ Sláinte agus Sábháilteacht / Foilseacháin & Reachtaíocht Shábháilteachta / Driver Fatigue 5 FA*